C/2024/6717

31.10.2024

Fógra le haghaidh daoine agus eintitis áirithe atá faoi réir na mbeart sriantach dá bhforáiltear i gCinneadh (CBES) 2016/849 ón gComhairle agus Rialachán (AE) 2017/1509 ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne Dhaon-Phoblacht Dhaonlathach na Cóiré

(C/2024/6717)

Dírítear aird JO Kyongchol (uimh. 11), PAK Jong-chon (uimh. 17), HONG Yong Chil (Uimh. 21), YUN Chang Hyok (Uimh. 23), Kim Su Gil (Uimh. 28), JON Il Ho (Uimh. 29), Yongbyon Nuclear Scientific Research Centre (Uimh. 4), Arm Pobail na Cóiré (Uimh. 5), ar daoine agus eintitis iad atá i roinn I d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2016/849 ón gComhairle [1] agus in Iarscríbhinn XV a ghabhann le Rialachán (AE) 2017/1509 ón gComhairle [2], chomh maith le haird KIM Chang Hyok (uimh. 8), RYANG Su Nyo (uimh. 10), PYON Won Gun (uimh. 11), PAE Won Chol (uimh. 12), RI Sin Song (uimh. 13), KIM Sung Su (uimh. 14), KIM Pyong Chol (uimh. 15), IM Song Sun (Uimh. 27), CHOE Song Chol (Uimh. 28), Pan Systems Pyongyang (uimh. 4), Korea Paekho Trading Corporation (Uimh. 8), ar daoine agus eintitis iad atá in Iarscríbhinn III a ghabhann le Cinneadh (BES) 2016/849 ón gComhairle agus in Iarscríbhinn XVI a ghabhann le Rialachán (AE) 2017/1509, ar an fhaisnéis a leanas.

Is é a bheartaíonn an Chomhairle na bearta sriantacha in aghaidh na ndaoine agus na n-eintiteas thuasluaite a choinneáil ach ráitis nua ar chúiseanna a bheith ag gabháil leo. Cuirtear in iúl leis seo do na daoine agus do na heintitis sin lena mbaineann go bhféadfaidh siad iarraidh a chur faoi bhráid na Comhairle chun an fhaisnéis a bhaineann leis na bearta sriantacha a choinneáil ar bun a fháil, **roimh 7 Samhain 2024**, ag an seoladh seo a leanas:

Ardrúnaíocht Chomhairle an Aontais Eorpaigh
RELEX.1
Rue de la Loi/Wetstraat 175
1048 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË
ríomhphost: sanctions@consilium.europa.eu

[1] IO L 141, 28.5.2016, lch. 79.
[2] IO L 224, 31.8.2017, lch. 1.